Parlaimint na hEorpa
2024-2029

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P10_TA(2026)0141

Comhaontú Idirnáisiúnta Cócó

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 29 Aibreán 2026 ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le leasuithe ar an gComhaontú Idirnáisiúnta Cócó a fhormheas (15258/2025 – C10-0036/2026 – 2025/0283(NLE))

(Toiliú)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle (15258/2025),

– ag féachaint do na dréachtleasuithe ar an gComhaontú Idirnáisiúnta Cócó (15259/2025),

– ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 207(3) agus (4), an chéad fhomhír, agus Airteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C10-0036/2026),

– ag féachaint do Riail 107(1) agus (4), agus do Riail 117(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta (A10-0074/2026),

1. ag tabhairt a toilithe do leasuithe an chomhaontaithe;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát.